UNIT 3

An Dream Dearg

# SUPPORT MATERIALS

EUROPE OF LANGUAGES NETWORK:
TEACHER TRAINING FOR INCLUSION THROUGH MINORITY LANGUAGES 2020-1-ES01-KA201-082144

---

Published in 2022 by:
Design departmenf of ACPV
C/ San Fernando, 12 - 46001 -Valencia, Spain

Tel. (0034) 96 315 77 99
info@acpv.cat
https://titlenet.eu/

This publication is available in Open Access under the Attribution-ShareAlike 3.0 IGO (CC-BY-SA 3.0 IGO) license (http:/ creativecommons.org/licenses/by-sa/3.0/igo/). By using the content of this publication, the users accept to be bound by the terms of use of the TITLENET PLATFORM and also ACPV.

These materials are part of the EUROPE OF LANGUAGES NETWORK: TEACHER TRAINING FOR INCLUSION THROUGH MINORITY LANGUAGES 2020-1-ES01-KA201-082144 project co-funded by the EU Erasmus Plus Program

Co-funded by the Erasmus+ Programme of the European Union

**This project has been funded with support from the European Commission. This publication reflects the views only of the author, and the Commission cannot be held responsible for any use which may be made of the information contained therein.**

# ELEMENTARY LEVEL

## An Dream Dearg / Support Materials

### Ceacht 2

Tá 10 gceist Fíor nó Bréagach le freagairt agat thíos. Is gá duit 'Fíor' nó 'Bréagach' a scríobh in aice leis an ráiteas agus fianaise a thabhairt le do fhreagra.

1. Gealladh Acht Gaeilge do phobal na Gaeilge sa bhliain 1996.

   Fíor nó bréagach? ..............................

   Fáth? ..............................................................................................................

   ..............................................................................................................

2. B'é Líofa an t-aon ionsaí a rinneadh ar phobal na Gaeilge i ndiaidh toghchán 2016.

   Fíor nó bréagach? ..............................

   Fáth? ..............................................................................................................

   ..............................................................................................................

3. Chuir scannal Líofa go mór le bunú an fheachtais #AchtAnois.

   Fíor nó bréagach? ..............................

   Fáth? ..............................................................................................................

   ..............................................................................................................

4. Níl aon chiall le lógó an Dream Dearg.

   Fíor nó bréagach? ..............................

   Fáth? ..............................................................................................................

   ..............................................................................................................

5. Níor thug an Dream Dearg dúshlán do chinneadh Líofa.

   Fíor nó bréagach? ..............................

   Fáth? ..............................................................................................................

   ..............................................................................................................

6. **Níor tugadh an t-airgead ar ais do scéim Líofa.**

   Fíor nó bréagach? ........................................

   Fáth? ........................................................................................................................................................

   ........................................................................................................................................................

7. **Bhí an Dream Dearg ag gníomhú le linn 2017-2020.**

   Fíor nó bréagach? ........................................

   Fáth? ........................................................................................................................................................

   ........................................................................................................................................................

8. **Bhí an reachtaíocht a baineadh amach faoi Ré Nua Cur Chuige Nua in Eanáir 2020 foirfe.**

   Fíor nó bréagach? ........................................

   Fáth? ........................................................................................................................................................

   ........................................................................................................................................................

9. **Bhí moill ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta Gaeilge.**

   Fíor nó bréagach? ........................................

   Fáth? ........................................................................................................................................................

   ........................................................................................................................................................

10. **Bhí 10,000 duine i láthair ag an Lá Dearg 2022 i mBéal Feirste.**

   Fíor nó bréagach? ........................................

   Fáth? ........................................................................................................................................................

   ........................................................................................................................................................

## Ceacht 3

**Tá tú i do thuairisceoir nuachta agus tá tú ag déanamh tuairisce faoin Lá Dearg 2022 i mBéal Feirste. Líon isteach na bearnaí sa scriopt thíos. Nuair atá sin déanta agat agus tú cinnte go bhfuil na bearnaí ar fad ceart, déan taifead ort féin le do ghuthán, ag léamh na scripte amhail is gur láithreoir nuachta thú. Uaslódáil d'fhíseán chuig an chomhad cuí ar Google classroom.**

Tháinig .................. duine go Béal Feirste inniu don Lá Dearg a bhí á eagrú ag an ghrúpa feachtasaíochta ......................................... Cuirfear tús leis an mhórshiúl ag an Chultúrlann Mac Adam Ó Fiaich in Iarthar Bhéal Feirste agus siúlfaidh an slua go ....................... na ........................., díreach mar a rinne siad sa Lá Dearg a thit amach sa bhliain ...........................

Gealladh Acht Gaeilge do phobal na Gaeilge don chéad uair riamh sa bhliain ....................... faoi Chomhaontú ...................... ................................ ach d'ainneoin seo, níor fíoraíodh an ghealltúint seo ariamh. Faoin Chomhaontú ................. ................., ........... ................. ........... i mí Eanáir 2020, bhí gach foráil don Ghaeilge le bheith curtha i bhfeidhm laistigh de .................. lá. Nuair nár tharla sin, thug Rúnaí Stáit na Breataine, .................... ............. coimitmint go ndéanfadh Rialtas na Breataine an reachtaíocht a achtú roimh dheireadh mhí ................. ................. 2021. Nuair a cailleadh an spriocdháta sin a leag Rialtas na Breataine amach dóibh féin, thug Oifig Thuaisceart Éireann sprioc nua do dheireadh na mandáide polaitiúla i mí an .................. 2022. Ach faraor, tháinig agus d'imigh an dáta sin gan aon bhogadh ar an cheist.

Ciallaíonn sin gur gealladh Acht Gaeilge in ................., ............... agus ............... agus tá pobal na Gaeilge fós ag fanacht.

Bhí na mílte duine ar shráideanna Bhéal Feirste inniu le teachtaireacht shoiléir ar a mbéil; b'é ............ ........ .......... ................. mana an lae. Dar leis an Dream Dearg go bhfuil sé thar am go ritear an reachtaíocht seo agus do ndaingnítear .................. phobal na Gaeilge sa dlí. I measc an tslua, bhí cumainn spóirt, óige, eagraíochtaí agus grúpaí pobail mar aon le hionadaíocht ó na páirtithe ............................

Táthar ag súil le go rachaidh mórshiúl an lae inniu, ar tugadh 'an mórshiúl Gaeilge is .................. ariamh ar an oileán seo' air, i bhfeidhm ar Rialtas na Breataine, agus go dtugtar an .................. Ghaeilge i bhfeidhm sa deireadh thiar thall.

Beidh muid ag coinneáil súil ghéar ar an scéal.


(D'ainm), Nuacht (Ainm na Scoile)

# INTERMEDIATE LEVEL

## An Dream Dearg / Support Materials

### Ceacht 2

**Déan achoimre ar na clochmhílte is suntasaí ó thaobh na Gaeilge de ó bhí 1998 ann, ag tagairt do na rudaí a chuala tú le linn an chur i láthair agus ag tabhairt roinnt eolais faoi gach clochmhíle a roghnaíonn tú.**



## Ceacht 3

**Tá tú i do thuairisceoir nuachta agus tá tú ag déanamh tuairisce faoin Lá Dearg 2022 i mBéal Feirste. Scríobh do scriopt féin don tuairisc, ag cur na pointí thíos san áireamh agus ag baint úsáide as na hailt thíos chun cuidiú leat. Nuair atá sin déanta agat, déan taifead ort féin le do ghuthán, ag léamh na scripte amhail is gur láithreoir nuachta thú. Uaslódáil d'fhíseán chuig an chomhad cuí ar Google classroom.**




- https://tuairisc.ie/inniu-an-la-dearg-ar-son-chearta-teanga-i-mbeal-feirste/
- https://www.dearg.ie/en/nuacht/cartlann/103751-suil-leis-na-milte
- Ainm an Lae - cá raibh sé ag tarlú?
- Cé mhéad duine a bhí i láthair?
- Cé a d'eagraigh an mórshiúl?
- Cad chuige ar eagraíodh an mórshiúl? (Amlíne)
- Cén mana a bhí ag an mhórshiúl?
- Cé a bhí i láthair?
- Cad é atá siad ag iarraidh a bhaint amach ón lá?
- Sínigh an físeán le d'ainm agus Nuacht (Ainm do scoile).

# ADVANCED LEVEL

## An Dream Dearg / Support Materials

### Ceacht 2

**Seo thíos roinnt miotas faoin Ghaeilge. Ní mór duit na miotais seo a bhréagnú, ag léiriú cad chuige a bhfuil siad mícheart. Bain úsáid as do thaithí féin agus tabhair fianaise chun tacú le d'argóint.**

1. Níl éileamh ann d'Acht Gaeilge ó thuaidh.
2. Tá an Roinn Oideachais ag comhlíonadh a dhualgas reachtúil maidir le hearnáil an Ghaeloideachais.
3. Beidh ar gach duine an Ghaeilge a fhoghlaim nuair a chuirtear Acht Gaeilge i bhfeidhm.
4. Beidh an Ghaeilge riachtanach chun post a fháil nuair a chuirtear Acht Gaeilge i bhfeidhm.
5. Ba mhaith le pobal na Gaeilge go mbeidh an Ghaeilge ar gach comhartha sráide, fiú sna ceantair nár mhian leis an phobal é sin.
6. Tá go leor cosaintí ag an Ghaeilge cheana féin. Ní dhéanfadh Acht Gaeilge aon difear.
7. Níl an tacaíocht pholaitiúil ann d'Acht Gaeilge ó thuaidh.
8. Níor ceart go mbeadh orm an Ghaeilge a fheiceáil i spásanna roinnte/poiblí munar mhaith liom!



## Ceacht 3

**Tá tú i do thuairisceoir nuachta agus tá tú ag déanamh tuairisce faoin Lá Dearg 2022 i mBéal Feirste. Scríobh do scriopt féin don tuairisc, ag tabhairt léargas cuimsitheach ar:**

- na heachtraí a chur le hullmhú an lae,
- líon na ndaoine a bhí i láthair, atmaisféar an lae
- Cén tionchar a ba mhaith leis an Dream Dearg go mbeidh ag an lá?

Nuair atá sin déanta agat, déan taifead ort féin le do ghuthán, ag léamh na scripte amhail is gur láithreoir nuachta thú. Uaslódáil d'fhíseán chuig an chomhad cuí ar Google classroom. Sínigh an físeán le d'ainm agus Nuacht (Ainm do scoile).




Co-funded by the Erasmus+ Programme of the European Union

title TRAINING FOR INCLUSION IN TERRITORIAL LANGUAGE EDUCATION

ACCIÓ CULTURAL DEL PAÍS VALENCIÀ
Conradh na Gaeilge
ELEN EUROPEAN LANGUAGE EQUALITY NETWORK
GENERALITAT VALENCIANA Conselleria d'Educació, Cultura i Esport
Oideas Gael ó 1984
UNIVERSITÉ RENNES 2